RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1431 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Meán Fómhair 2021

maidir le húdarú múraimíodáise arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* DSM 32338 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite (sealbhóir an údaraithe DSM Nutritional Products Ltd atá á ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú múraimíodáise arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* DSM 32338. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.

(3) Baineann an t-iarratas sin le húdarú múraimíodáise arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* DSM 32338 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite, ar breiseán é atá le haicmiú i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin zóiteicniúla" agus san fheidhmghrúpa "breiseáin zóiteicniúla eile".

(4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás') ina thuairim an 27 Eanáir 2021 ([2]) nach bhfuil tionchar díobhálach ag múraimíodáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* DSM 32338 ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht an tomhaltóra ná ar an gcomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Chinn an tÚdarás gur cheart a mheas gur íogróir féideartha riospráide agus craicinn agus gur ghreannaitheoir féideartha craicinn agus súl atá sa bhreiseán. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin sin. Chinn an tÚdarás go bhféadfadh an breiseán a bheith éifeachtúil mar bhreiseán zóiteicniúil le haghaidh bainbh scoite. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(5) Léiríonn an measúnú ar múraimíodáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* DSM 32338, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán "breiseáin zóiteicniúla" agus leis an ngrúpa feidhmiúil "breiseáin zóiteicniúla eile", údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(3):6452.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán zóiteicniúil. Feidhmghrúpa: breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar an gcóimheas idir beatha agus gnóthachan).									
4d16	DSM Nutritional Products Ltd. atá á ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o. o.	Múraimíodáis (EC 3.2.1.17)	**Comhdhéanamh an bhreiseáin** Ullmhóid múraimíodáise (EC 3.2.1.17) (lísiním) arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* (DSM 32338) a bhfuil gníomhaíocht íosta 60 000 LSU(F) [1]/g. Foirmeacha soladacha agus leachtacha. **Tréithriú na substainte gníomhaí:** Múraimíodáis (EC 3.2.1.17) (lísiním) arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* (DSM 32338). **Modh anailíse** [2] Maidir le múraimíodáis a chainníochtú: modh tástála einsíme atá bunaithe ar fhluaraiseacht lena gcinntear an dipholaiméiriúchán atá einsímchatalaithe d'ullmhóid peiptídigliocáin a bhfuil lipéad fluaraisin uirthi ag pH 6,0 agus ag 30 °C.	Bainbh (scoite)	-	50 000 LSU(F)	65 000 LSU(F)	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir deireadh a chur leis na rioscaí sin nó iad a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus don análú.	22.9.2031

([1]) Sainmhínítear 1 LSU(F) mar mhéid na heinsíme lena méadaítear fluaraiseachta 12,5 µg/ml peiptídigliocán a bhfuil lipéad fluaraisin air in aghaidh an nóiméid ag pH 6,0 agus ag 30 °C ag luach a chomhfhreagraíonn don fhluaraiseachta 0,06 nmol d'isiméir isitiaicianáite fluaraisine, go neasach.

([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports